



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

An Príomh-Chlár Creidmheasa

Caighdeáin Seirbhíse Bainte
Amach Meitheamh 2021

Foilsithe Iúil 2021

Clár na nÁbhar

An Príomh-Chlár Creidmheasa.....	3
Caighdeáin Seirbhíse	3
Seirbhísí d'Íasachtaithe in 2021	4
Seirbhísí chuig Soláthraithe Faisnéise Creidmheasa in 2021	5
Tuilleadh Eolais.....	5

An Príomh-Chlár Creidmheasa

Is bunachar sonraí náisiúnta é an Príomh-Chlár Creidmheasa a stóráilann faisnéis maidir le hiasachtaí do thomhaltóirí agus do ghnóthaí. Baintear úsáid as an bPríomh-Chlár Creidmheasa chun tuarascálacha creidmheasa a chruthú a mbeidh fáil ag iasachtaithe agus iasachtóirí orthu.

Beidh iasachtaithe ábalta a dtuarascálacha creidmheasa a fháil saor in aisce tráth ar bith (faoi réir úsáid chothrom) sa chaoi go mbeidh siad in ann breathnú ar an bhfaisnéis atá á stóráil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa maidir lena gcuid iasachtaí.

Beidh iasachtóirí ábalta tuarascálacha creidmheasa de chuid iasachtaithe a fháil chun cuidiú leo cinntí a ghlacadh i dtaobh iasachtaí agus iarratas ar iasachtaí. Ní mór d'iasachtóirí do thuarascáil chreidmheasa a fháil má tá iarratas déanta agat ar iasacht €2,000 nó níos mó agus is féidir le hiasachtóirí tuarascáil chreidmheasa a fháil más lú ná €2,000 an iasacht atá iarrtha. Ina theannta sin, is féidir le hiasachtóirí do thuarascáil chreidmheasa a fháil sna cásanna seo a leanas:

- má tá athstruchtúrú ar iasachtreatha iarrtha agat
- má tá riaráistí ar iasachtreatha
- má tá an teorainn ar chárta creidmheasa nó ar rótharraingt sáraithe agat.

Baineann an Banc Ceannais úsáid as an bhfaisnéis atá ar fáil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa chun léargas níos fearr a fháil ar threochtaí náisiúnta sa soláthar creidmheasa.

Ar an gcaoi sin, tacaíonn an Príomh-Chlár Creidmheasa le hoibleagáidí agus feidhmeanna an Bhainc Ceannais chun tomhaltóirí a chosaint, an earnáil airgeadais a mhaoirsiú agus cobhsaíocht airgeadais a chinntiú.

Caighdeán Seirbhíse

Chun an trédhearcacht a bhaineann le hoibriú an Phríomh-Chláir Creidmheasa a fheabhsú, leagtar amach sa doiciméad seo feidhmíocht an Bhainc Ceannais i gcomparáid leis na caighdeán seirbhíse atá glactha aige i leith seirbhísí a chuirtear ar fáil d'iasachtaithe agus do Sholáthraithe Faisnéise Creidmheasa.

Tá liosta iomlán de Sholáthraithe Faisnéise Creidmheasa le fáil ar an leathanach [foilseacháin](#).

Seirbhísí d'Iasachtaithe in 2021

Seirbhís	Sprioc ¹	Feidhmíocht				Líon iomlán iarrthago dtíseo i mbliana
		Eanáir - Márta	Aib - Meith	Iúil - MF	DF - Nollaig	
Iarratais ar thuarascálacha creidmheasa ²	85% curtha i gcrích laistigh de 5 lá	98%	99%			12,669
Iarratais ar leasuithe ³	50% curtha i gcrích laistigh de 20 lá	47%	52%			368
Iarratais ar ráitis míniúcháin ⁴	85% curtha i gcrích laistigh de 5 lá	87%	94%			112

Nóta eolais:

- Déantar na caighdeáin go léir a mheas ón tráth a bheidh iarratas bailí i.e. a luaithe a bheidh na doiciméid tacaíochta go léir faighte.
- Má chreideann iasachtaí go bhfuil faisnéis ar a t(h)uarascáil chreidmheasa mícheart nó neamhiomlán nó nach bhfuil an fhaisnéis sin cothrom le dáta, tá an ceart aige/aici a iarraidh go gceartófar an fhaisnéis sin. Glacfaimid cinneadh maidir le hiarratas den sórt sin tráth nach déanaí ná 40 lá tar éis dúinn iarratas bailí a fháil.
- Is ionann ráiteas míniúcháin agus ráiteas 200 focal ar a mhéad a chuirfidh iasachtaí ar a t(h)uarascáil chreidmheasa, ar ráiteas é ina míneofar teagmhas nó imthosca áirithe a bhaineann lena gcuid iasachtaí.

Seirbhísí chuig Soláthraithe Faisnéise Creidmheasa in 2021

Seirbhís	Sprioc	Feidhmíocht			
		Eanáir - Márta	Aib - Meith	Iúil-MF	DF-Nollaig
Aga Freagartha an Chórais	95% de fhreagairtí in ≤ 4 soicind	99.7%	99.8%		
Inúsáidteacht an Chórais	97.5% d'uaireanta inúsáidteachta	99.9%	99.9%		
Uaslódáil comhad	98% d'uaslódáil comhad curtha i gcrích in ≤ 5 lá	100%	99.8%		
Líon iomlán na dtuarascálacha creidmheasa eisithe go dtí seo i mbliana		870,111			

Tuilleadh Eolais

Idirlíon: www.centralcreditregister.ie/ga

<https://www.centralcreditregister.ie/ga/iasachtaithe/ceisteanna-coitianta/>

<https://www.centralcreditregister.ie/ga/su%C3%ADomh-na-niasacht%C3%B3ir%C3%AD/>

<https://www.centralcreditregister.ie/ga>



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem